



An riosca ionfhabhtaithe i suíomhanna cúraim sláinte nó nuair a théann tú abhaile a laghdú

Cé atá i mbaol?

Tá baol níos mó ann go dtiocfaidh ionfhabhtuithe ar dhaoine in ospidéal nó i saoráidí cónaithe. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar gheall ar an tinneas atá orthu nó i gcás gur éirigh a gcóras imdhíonachta lag mar gheall ar an gcóireáil a theastaíonn uathu. Agus muid ag dul in aois, ní oibríonn ár gcóras imdhíonachta chomh maith – tosaíonn sé ag oibriú níos moille – agus méadaíonn sé sin an riosca ionfhabhtaithe.

Is éard is ionfhabhtú 'a bhaineann le cúram sláinte' ann ná ionfhabhtú a thagann ort i ndiaidh duit bheith i dteagmháil le seirbhís cúraim sláinte. Is mó a tharlaíonn sé sin má cuireadh cóireáil ort in ospidéal nó má tá tú faoi chúram fadtéarmach. D'fhéadfadh sé tarlú freisin i ndiaidh cóireáil i gclinicí othar seachtrach, gnáthaimh lae in ospidéal agus i suíomhanna cúraim sláinte eile.

Tá aon duine in aon ospidéal nó saoráid cúraim sláinte ar domhan i mbaol go dtiocfaidh ionfhabhtú nua orthu nuair a bhíonn siad ansin.

Cad is cúis leis na frídíní agus leis na hionfhabhtuithe?

Is iad do chuid baictéar féin (frídíní) is cúis le cuid de na hionfhabhtuithe nua a bhaineann le cúram sláinte. Bíonn siad neamhdhíobhálach do dhaoine sláintiúla de ghnáth. Is iad frídíní ospidéal atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach is cúis le cinn eile. Tugaimid 'orgánaigh frithsheasmhach in aghaidh ildrugáí' (MDROanna) orthu nó, go coitianta, tugtar tarbhfrídí orthu. Is féidir leat iad thógáil ó theagmháil le hothair nó le cónaitheoirí eile, nó ó theagmháil le foireann agus trealamh cúraim sláinte.

An féidir frídíní agus ionfhabhtuithe a chosc?

Ní féidir le haon seirbhís cúraim sláinte cosc a chur ar gach ionfhabhtú. Is féidir cuid acu a íoslaghdú trí chórais láidre um chosc agus rialú ionfhabhtuithe a chur i bhfeidhm ionas nach scaipfear tarbhfrídí ó dhuine go duine. Tá sé tábhachtach do chuid lámh a choinneáil glan agus trealamh a choinneáil glan ionas nach scaipfear iad.

Má bhíonn a fhios ag an tsaoráid cúraim sláinte nó ag an tsaoráid chónaithe go bhfuil tarbhfríd ar othar, tabharfaidh siad cúram breise den duine sin ionas nach scaipfear an frídín. Mar shampla, is gnách go dtabharfar a seomra féin agus a leithreas féin d'othair a bhfuil tarbhfríd orthu, más féidir.

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil tarbhfríd orm?

Is é an t-aon dóigh le fios a bheith agat go bhfuil orgánach frithsheasmhach no tarbhfríd á iompar agat sampla a ghlacadh agus é a thástáil sa tsaotharlann. Faighimid an sampla ag baint úsáid as 'maipíneacht' –

cosúil le baitín cadáis fada. Nuair a dhéanaimid tástáil le haghaidh na dtarbhfrídí sin, féadfaimid ceist a chur ort an féidir linn maipíneacht a bhaint as do shrón, as créacht, as do chraiceann nó ó do reicteam (tóin). Is nós imeachta simplí é sin ina ndéanaimid an mhaipíneacht a chuimilt ar do chraiceann díreach. Má thagann ionfhabhtú ort agus tú sa tsaoráid cúraim sláinte, tá sé tábhachtach go ndéanfar tástáil ort lena fháil amach an bhfuil tarbhfríd á hiompar agat. Is féidir leis sin cuidiú le do dhochtúirí an chóireáil antaibheathach is fearr a roghnú duit má theastaíonn sí uait. Má bhíonn tarbhfríd á hiompar agat, tabharfaidh tú faoi deara go nglacfaidh an fhoireann réamhchúraimí breise agus iad ag tabhairt aire duit – uaireanta b'fhéidir go mbeadh orthu trealamh cosanta pearsanta breise (TCP) amhail lámhainní, naprúin nó gúnaí a chaitheamh. Cuidíonn sé sin leis an mbaol go scaipfear na frídíní chuig daoine eile a laghdú. **Má tá a fhios agat go bhfuil tarbhfríd á hiompar agat, inis do bhall foirne nuair a thagann tú chuig aon saoráid cúraim sláinte nó chónaithe.**

Déantar tástáil uathoibríoch ar a lán othar le haghaidh na dtarbhfrídí sin nuair a thagann siad isteach san ospidéal. Má bhíonn toradh dearfach ar do thástáil, inseoidh dochtúir nó altra duit faoin toradh. Tabharfaidh siad eolas duit a bheidh tú ábalta a léamh agus a thabhairt abhaile leat.

Cad is féidir liom a dhéanamh chun mé féin a chosaint?

Is iad seo a leanas roinnt rudaí is féidir leat a dhéanamh chun tú féin a chosaint ar ionfhabhtú nó ar tharbhfríd a thógáil agus tú san ospidéal nó i saoráid chónaithe:

- Glan do chuid lámh go rialta agus bain úsáid as an ungadh láimhe. Déan é sin i ndiaidh duit dul go dtí an leithreas agus sula n-íosfaidh tú i gcónaí.
- Ná roinn do chuid rudaí pearsanta le daoine eile – mar shampla, do ghuthán, do chluasáin, agus mar sin de
- Coinnigh amach ó leapacha daoine eile
- Ná lig d'aon duine suí ar do leaba, agus ná suí ar leaba duine ar bith eile
- Tá sé ceart go leor a mheabhrú don fhoireann a lámha a ghlanadh
- Tá sé ceart go leor a insint do bhall foirne má fheiceann tú rud ar bith nach bhfuil glan

Uaireanta, ní bhíonn a fhios ag an ospidéal nó ag an tsaoráid chónaithe go bhfuil tarbhfríd á hiompar ag duine go dtí go mbíonn sé/sí imithe abhaile. Má fhaighimid amach go bhfuil tarbhfríd á hiompar agat i ndiaidh duit dul abhaile, scríobhfaimid chugat nó inseoidimid duit faoi ag iarchoinne. Cuirfimid do dhochtúir teaghlaigh ar an eolas freisin.

Má bhíonn ceisteanna ar bith agat faoi ionfhabhtú cúraim sláinte nó faoi tharbhfrídí, cuir ceist ar an duine atá ag tabhairt aire duit.

Tuilleadh eolais

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar www.hse.ie/hcai nó ar www.hse.ie/handhygiene

